## Bailiúcháin a bhaineann le Baile Átha Cliath agus le hÉirinn, Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath (LCCBÁC) – Polasaí maidir le Forbairt ar Bhailiúcháin

Sna bailiúcháin a bhaineann le Baile Átha Cliath agus le hÉirinn i  Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath, coimeádtar leabhair, tréimhseacháin, nuachtáin, grianghraif, léarscáileanna, leabhair uathúla agus cnuasaigh speisialta. Cuimsíonn siad leabharlann staidéar áitiúil do Bhaile Átha Cliath. Tá leabharlann Sir John T. Gilbert i gcroílár an bhailiúcháin.

An aidhm atá againn ná leabhair agus ábhar eile a bhailiú ina n-insítear scéal Bhaile Átha Cliath anois agus amach anseo. Cinntítear go ndéantar é seo ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de, agus oibrimid le leabharlanna agus le cartlanna eile chun úsáid níos éifeachtúla agus níos inmharthana a bhain as acmhainní dár n-úsáideoirí.

Ceannaíonn LCCBÁC earraí cló nó bronntar iad agus ar an mbealach seo cuirtear leis an tuiscint atá ann ar Bhaile Átha Claith mar a bhí agus mar atá. Ina theannta sin, faighimid ábhar cló a bhaineann leis an tír i gcoitinne, rud a thugann comhthéacs do na cnuasaigh a bhaineann le Baile Átha Cliath.

Roghnaimid réimse leathan ábhar foilsithe chun gnéithe den saol i mBaile Átha Cliath a léiriú. Áirítear ina measc:

- Leabhair, tréimseacháin, léarscáileanna, nuachtáin, grianghraif agus leabhair do pháistí faoi Bhaile Átha Cliath. Lena chois sin, cuirtear leabhair neamhfhicsin ar stair na hÉireann, ar an tseandálaíocht agus ar an oidhreacht tógtha sna cnuasaigh.
- Bailiúcháin liteartha le húdair ó Bhaile Átha Cliath.
- Leabhair i nGaeilge.
- Ephemera a bhaineann le himeachtaí agus le polaitíocht Bhaile Átha Cliath, le Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath agus le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Tá na catagóirí seo i gcroílár an ábhair a chuirtear le chéile do na cnuasaigh a bhaineann le Baile Átha Cliath agus le hÉirinn, agus is ag na leabharlannaithe atá an cinneadh deiridh maidir leis na hearraí a chuirtear sna bailiúcháin.

Ní féidir linn glacadh le hearraí gan iarraidh. Má tá rud éigin stairiúil, uathúil agat ar léiriú é ar an saol i mBaile Átha Cliath agus ba mhaith leat a fháil amach an féidir leat é a bhronnadh, déan cur síos ar na sonraí i ríomhphost, le do thoil, agus cuir chuig Dublinstudies@dublincity.ie é.

Coimeádann Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath an ceart acu féin breithmheas a thabhairt a earraí a bhronntar.